V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10720 – IVANHOE CAMBRIDGE / MUBADALA / DUTCH RESIDENTIAL INVESTMENTS IV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 228/07)

1. An 3 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ivanhoe Cambridge Inc. (Ceanada, "Ivanhoe Cambridge"), faoi rialú Caisse de dépôt et placement du Québec ("CDPQ"),

— Mubadala Investment Company PJSC (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, "Mubadala"),

— Dutch Residential Investments IV B.V. (an Ísiltír, "DRI IV").

Gheobhaidh Ivanhoe Cambridge agus Mubadala comhrialú ar DRI IV de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Ivanhoe Cambridge: infheisteoir réadmhaoine domhanda. Is bainisteoir cistí institiúideacha de chuid Cheanada é a mháthairghnóthas, CDPQ,

— Mubadala: meán infheistíochta de chuid Rialtas Abú Daibí, meán a bhainistíonn punann éagsúil sócmhainní agus infheistíochtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar an gcoigríoch. Tá Mubadala gníomhach in infheistiú i réimse leathan earnálacha, lena n-áirítear fuinneamh, fóntais, réadmhaoin, tionscail agus seirbhísí bunúsacha,

— DRI IV: éadáil aonad cónaithe ar fud na hÍsiltíre, d'fhonn úinéireacht a fháil ar na sócmhainní sin, agus iad a fhorbairt agus/nó a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10720 – IVANHOE CAMBRIDGE / MUBADALA / DUTCH RESIDENTIAL INVESTMENTS IV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË